Foilsitheoireacht Deisce

Leibhéal 1

De ghnáth, ba cheart do dhaltaí fianaise a léiriú go bhfuil siad ábalta:

- Rochtain a fháil ar fhoilseacháin atá ullmhaithe nó curtha ar fáil ag an mhúinteoir agus páirt a ghlacadh i bplé faoi threoir an mhúinteora ar théacs agus ar íomhánna atá le cur i bhfoilseachán. Bunghnéithe de bhogearraí foilsitheoireacht deisce a fhiosrú. (Fiosrú)
- Doiciméad bunúsach nó bileog bhunúsach a chruthú le cuidiú an mhúinteora. *B'fhéidir go mbeadh téacs agus pictiúir atá curtha ar fáil ag an múinteoir i gceist anseo.* (Cur in iúl)
- Fios a bheith acu gur féidir leo modhanna digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh. (Malartú)
- Labhairt faoina gcuid oibre, faoi threoir an mhúinteora. (Luacháil)
- A gcuid oibre a phriontáil nó a thaispeáint le cuidiú an mhúinteora. (Taispeáint)

Leibhéal 2

De ghnáth, ba cheart do dhaltaí fianaise a léiriú go bhfuil siad ábalta:

- Faisnéis agus íomhánna a roghnú lena n-úsáid ina gcuid oibre. Sraith treoracha a leanúint agus bogearraí foilsitheoireacht deisce in úsáid acu. (Fiosrú)
- Doiciméad bunúsach a chruthú le cuidiú an mhúinteora. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo téacs agus íomhánna atá le cur isteach i dteimpléad agus eagarthóireacht a dhéanamh orthu.* (Cur in iúl)
- Na dóigheanna le modhanna éagsúla digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh a shainaithint agus labhairt orthu. (Malartú)
- Labhairt faoin dóigh a bhféadfadh siad feabhsuithe simplí a chur ar a gcuid oibre, le leideanna ón mhúinteoir. (Luacháil)
- An doiciméad a shábháil agus/nó é a thaispeáint don rang nó don ghrúpa le cuidiú an mhúinteora. (Taispeáint)

Leibhéal 3

De ghnáth, ba cheart do dhaltaí fianaise a léiriú go bhfuil siad ábalta:

- Taighde a dhéanamh ar doiciméid nó ar bhileoga atá ann cheana féin agus roghnaigh faisnéis agus íomhánna as foinsí digiteacha tugtha agus iad a chur in eagar lena gcuimsiú sa doiciméad nó sa bhileog. Sraith treoracha a leanúint ar na bogearraí foilsitheoireacht deisce agus iad a chur in eagar le seicheamh leathanach nó faisnéise a dhéanamh. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo na bogearraí foilsitheoireacht deisce a thriail le feidhmeanna na n-uirlisí agus na ngnéithe a aimsiú. Uaidh sin, is féidir leo na huirlisí agus na gnéithe a roghnú le húsáid lena ndoiciméid nó a mbileoga féin.* (Fiosrú)

- Bileog nó póstaer a chruthú. *B'fhéidir go mbeadh téacs agus íomhánna araon a cruthaíodh agus a cuireadh in eagar ar scáileán i gceist anseo, agus go mbeadh leagan amach bileog agus uirlisí agus gnéithe bunúsach eile de bhogearraí foilsitheoireacht deisce in úsáid.* (Cur in iúl)
- Modh comhaimseartha digiteach a úsáid le cumarsáid a dhéanamh, nó le cur le gníomhaíocht ar líne faoi stiúir. *B'fhéidir go mbeadh ríomhphost a chur nó cion a dhéanamh ar vicí, ar bhlag nó ar shnáithe plé i gceist leis seo. B'fhéidir go gcuirfí an ríomhphost nó an phostáil chuig múinteoir.* (Malartú)
- Roinnt mionathraithe a dhéanamh lena gcuid oibre a fheabhsú. *B'fhéidir go mbeadh téacs le baint i gceist anseo, nó dath nó méid an chló a athrú agus/nó íomhánna a chur isteach nó a bhaint.* (Luacháil)
- Comhadainm lánbhrí a thabhairt ar a gcuid oibre agus í a shábháil in áit chuí. (Taispeáint)

Leibhéal 4

De ghnáth, ba cheart do dhaltaí fianaise a léiriú go bhfuil siad ábalta:

- Taighde a dhéanamh ar fhaisnéis nó íomhánna agus iad a roghnú as réimse foinsí digiteacha lena gcur in eagar agus lena gcur isteach ina gcuid oibre. Imscrúdú a dhéanamh ar an fhadhb i mionteagasc an taisc agus í a réiteach. (Fiosrú)
- Doiciméad a chruthú a léiríonn feasacht ar an spriocghrúpa agus ar an chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc agus a thugann téacs, sonraí agus/nó íomhánna socair le chéile. *B'fhéidir go mbeadh uirlisí cuí leagain amach in úsáid i gceist anseo, amhail boscaí téacs, táblaí, imlínte agus uirlisí leis na grafaicí a fheabhsú agus an doiciméad a dhéanamh níos fóirsteanaí don spriocghrúpa agus don chuspóir.* (Cur in iúl)
- Ceann amháin nó níos mó de mhodhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le cumarsáid, le malartú agus le comhoibriú a dhéanamh i ngníomhaíochtaí ar líne faoi stiúir. *B'fhéidir go mbeadh ríomhphost a chur le ceangaltán nó roinnt postálacha ábhartha a dhéanamh ar vicí, ar bhlag nó ar fhóram díospóireachta i gceist leis seo.* (Malartú)
- Uirlisí agus gnéithe fóirsteanacha TFC a úsáid lena gcuid oibre a fheabhsú. *B'fhéidir go mbeadh úsáid an tseiceálaí litrithe agus na feabhsuithe a rinneadh ar an doiciméad a thaifead i gceist anseo.* (Luacháil)
- An doiciméad a shábháil i bhfillteán ainmnithe nó i ríomhphunann ranga. (Taispeáint)

Leibhéal 5

De ghnáth, ba cheart do dhaltaí fianaise a léiriú go bhfuil siad ábalta:

- Taighde a dhéanamh ar chineálacha eile cur chuige in úsáid i bhfoilseacháin ilmheáin agus triail a bhaint as réimse leagain amach, ag cur san áireamh an spriocghrúpa agus an chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. Taighde a dhéanamh ar fhaisnéis nó íomhánna breise agus iad a roghnú as réimse foinsí digiteacha lena gcur in eagar agus lena gcur isteach ina gcuid oibre. *B'fhéidir go mbeadh fiosrú ar fhoilseacháin eile i gceist anseo le smaointe a spreagadh agus le híomhánna agus le ábhar cuí a shainaithint don spriocghrúpa agus don chuspóir atá i mionteagasc an taisc.* (Fiosrú)

- Doiciméad a chruthú a chomhcheanglaíonn réimse gnéithe le tuiscint shoiléir a léiriú ar an spriocghrúpa agus an chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. *B'fhéidir go mbeadh úsáid imeall, colún, comhfhadaithe, táb, boscaí nasctha téacs, grúpála, timfhilleadh téacs agus uimhriú na leathanach.* (Cur in iúl)
- Réimse modhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le cumarsáid agus le malartú a dhéanamh agus lena gcuid oibre a roinnt agus iad ar líne lena bpiaraí. *B'fhéidir go mbeadh obair ar líne i gceist anseo le doiciméad comhoibríoch a chruthú, nó díospóireacht agus/nó plé a dhéanamh ar líne faoin ábhair atá le cur ina ndoiciméid féin.* (Malartú)
- An timthriall 'pleanáil, déanamh agus athbhreithniú' a úsáid lena gcuid oibre a fheabhsú don spriocghrúpa agus don chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. *B'fhéidir go mbeadh dearadh, dréachtú agus bheachtú a dhéanamh ar a gcuid oibre i gceist leis seo, ionas go mbeadh sí ábhartha don spriocghrúpa agus don chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. D'fhéadfadh siad leaganacha níos luaithe dá gcuid oibre a choinneáil fosta.* (Luacháil)
- Doiciméad nó foilseachán agus comhaid agus/nó ábhair ar bith bainteacha a eagrú, a stóráil, agus a chothabháil i spás pearsantaithe le sárthaispeántas a dhéanamh den fhoghlaim dhigiteach trasna an churaclaim. (Taispeáint)

Leibhéal 6

De ghnáth, ba cheart do dhaltaí fianaise a léiriú go bhfuil siad ábalta:

- Taighde a dhéanamh ar fhaisnéis nó íomhánna níos ábhartha agus iad a roghnú as réimse foinsí digiteacha lena gcur ina ndoiciméid do spriocghrúpaí agus do chuspóirí ar leith, ag cur san áireamh na saincheisteanna cóipchirt agus maoine intleachtúla agus aitheantas a thabhairt orthu nuair is cuí, mar fhoinsí a ndoiciméad nó le cur isteach ina ndoiciméid. Imscrúdú a dhéanamh ar uirlisí agus gnéithe sna bogearraí foilsitheoireacht deisce, ag cur san áireamh an spriocghrúpa agus an cuspóir ar leith a bhfuil cur síos orthu i mionteagasc an taisc. *B'fhéidir go mbeadh fiosrú ar fhoilseacháin eile i gceist anseo le hidéanna, íomhánna agus ábhair eile atá fóirsteanach don spriocghrúpa agus don chuspóir mar atá leagtha síos i mionteagasc an taisc, ag cur san áireamh saincheisteanna cóipchirt agus foinsí tagartha, nuair is cuí.* (Fiosrú)
- Riachtanais úsáideora a shainaithint agus foilseacháin atá dírithe ar spriocghrúpa ar leith a phleanáil agus a fhorbairt, ag léiriú feasacht ar réimse an fhoilseacháin agus a bhfuil cuma chomhsheasmhach air agus a mhothaíonn mar a gcéanna, mar shampla ar líne nó i bprionta. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo teimpléad a chur isteach nó a leasú, glacadh le scéim chuí dathanna, gnéithe téacs níos forbartha amhail ceanntáisc agus buntáisc a chur isteach agus íomhánna a chur in ord nó a ghrúpáil.* (Cur in iúl)
- Réimse de mhodhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid lena bhfaisnéis agus a dtáirgí ilmheáin a chur in iúl, a mhalartú agus a roinnt agus iad ag comhoibriú le piaraí, saineolaithe agus le húsáideoirí deiridh. *B'fhéidir go mbeadh comhoibriú le piaraí ar fhoilseachán i gceist anseo, mar shampla, é a roinnt i bhfóram díospóireachta agus ag ligean do scríbhneoirí na gnéithe comhoibríocha atá ar fáil leis na bogearraí a úsáid, amhail athruithe rianú, le tráchta ar cháilíochta agus comhfhaduithe a chur go díreach leis an fhoilseachán.* (Malartú)

- Cosaint a thabhairt ar na bogearraí feidhme a roghnaigh siad leis an tasc foilsitheoireacht deisce a chomhlánú, na malairtí a smaoinigh siad orthu agus an próiseas a rinne siad agus an foilseachán a tháirgeadh. Cosaint a thabhairt ar éifeachtacht a ndoiciméad maidir leis an spriocghrúpa agus an chuspóir atá sainithe. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo an próiseas forbartha a shainaithint agus cur síos a dhéanamh air, agus na heochairphointí a shainaithint mar a ndearna siad breithiúnais fiúntais a chuir feabhas ar an doiciméad deiridh.* (Luacháil)
- A gcuid oibre a eagrú, a stóráil, agus a chothabháil i spás pearsantaithe le sárthaispeántas a dhéanamh den fhoghlaim dhigiteach trasna an churaclaim. (Taispeáint)

Leibhéal 7

De ghnáth, ba cheart do dhaltaí fianaise a léiriú go bhfuil siad ábalta:

- Acmhainní as réimse d'fhoinsí digiteacha, a aimsíodh agus a cruthaíodh, a roghnú, agus a luacháil, agus taighde a dhéanamh orthu agus idirdhealú a dhéanamh eatarthu maidir le hábharthacht, iontaofacht agus beachtas agus cosaint a thabhairt ar a bhfoinsí agus tagairt a dhéanamh dóibh. An pacáiste bogearraí is chuí le húsáid a roghnú agus cosaint a dhéanamh air agus na gnéithe a úsáidtear le freastal ar riachtanais an úsáideora deiridh mar atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo taighde ar fhoilseacháin agus acmhainní eile agus iad a roghnú agus réimse leaganacha amach a thriail go córasach, ag socrú ar an cheann is chuí le freastal ar ionchais an spriocghrúpa, ag úsáid timthriall forbartha lena bhfréamhshamhail doiciméad a thástáil agus a choigeartú go rialta agus cosaint a dhéanamh ar a roghanna agus a mbreithiúnais bunaithe ar a n-intinní tosaigh, ar ghrúpdhíospóireachtaí agus ar aiseolais ó úsáideoirí deiridh.* (Fiosrú)
- Riachtanais úsáideora atá sainmhínithe go soiléir a leagan amach agus foilseachán úrnua sofaisticiúla a phleanáil agus a fhorbairt ag úsáid réimse gnéithe ar dhóigh thuisceanach le freastal ar ionchas an chliaint nó an spriocghrúpa mar atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. *B'fhéidir go mbeadh dearadh agus úsáid teimpléid shaincheaptha atá fóirsteanach don spriocghrúpa agus don chuspóir araon i ceist anseo agus clár ábhar agus/nó liosta figiúirí a chur leis.* (Cur in iúl)
- Tairbhe a bhaint as modhanna comhaimseartha cumarsáide lena smaointe forbartha agus a bhfaisnéis a mhalartú, a roinnt agus comhoibriú a dhéanamh orthu a le piaraí, le saineolaithe agus le húsáideoirí deiridh, ag cur le timpeallacht dhomhanda comhoibríoch. *B'fhéidir go mbeadh uaslódáil foilseacháin chuig blag i gceist anseo le haiseolas ó phiaraí, ó saineolaithe nó ó húsáideoirí deiridh a fháil, agus ag freagairt dó ar dhóigh thuisceanach le cáilíocht agus le hoiriúnacht an táirge nó na faisnéise bailithe a fheabhsú d'úsáideoir deiridh mar atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc.* (Malartú)
- Riachtanais an úsáideora deiridh agus cuspóir an fhoilseacháin a shainaithint ag an tús, le tuiscint atá ag méadú, agus athbhreithniú a dhéanamh go córasach ar an fhoilseachán deiridh i gcoinne na riachtanas ag deireadh an phróisis, agus a shainaithint go soiléir cé acu a comhlíonadh agus cé acu nár comhlíonadh. *B'fhéidir go mbeadh aiseolas a chruinniú ó úsáideoirí deiridh agus beachtú breise a dhéanamh nó moltaí a leagan amach le feabhas a dhéanamh i gceist leis seo.* (Luacháil)

- Taisce dhigiteach d'obair atá struchtúraithe go loighciúil a eagrú, a stóráil agus a aisghabháil go córasach le sárthaispeántas a dhéanamh den fhoghlaim trasna an churaclaim, agus formáid, iniomparthacht, méid, cóipcheart agus leaganú a chur san áireamh. *B'fhéidir go mbeadh comhaid a chúltacú chuig áit mhalartach, leaganacha iolracha a bhainistiú agus formáidí agus taifigh chuí a roghnú i gceist leis seo.* (Taispeáint)

Ba chóir go léireodh daltaí, ag am agus in áit is cuí, eolas agus tuiscint ar ríomhshábháilteacht, ar a n-áirítear iompraíocht atá inghlactha ar líne.

`